



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

PLEAN SEIRBHÍSE
GEIMHRIDH 2025 - 2026

Deireadh Fómhair 2025

Bóithre agus Iompar, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc,
Gaillimh. Guthán: 091-509000
Facs: 091-509095

Clár na nÁbhar

1.	Beartas Seirbhíse Geimhridh	2
2.	Bealaí Cóireála.....	3
3.	Réamhaisnéisí Aimsire agus Próiseas Cinntí.....	5
4.	Socruithe Eagraíochtúla agus Pearsanra	9
5.	Ábhar Dí-oighrithe	12
6.	Ullmhúchán Réamhshéasúir	13
7.	Cumarsáid agus Poiblíocht.....	13

Aguisín A Clár an Innealtóra Dualgais

Aguisín B Léarscáil Bealaí P1 & 2

Rialú Doiciméid

Faighte	Stádas	Údar	Dáta
1	Eagrán	Ciaran Wynne	5 Deireadh Fómhair 2021
2	Eagrán	Ciaran Wynne	
3	Eagrán	F Fahey	Deireadh Fómhair 2023
4	Eagrán	F Fahey	Deireadh Fómhair 2024
5	Eagrán	F Fahey	Deireadh Fómhair 2025

1 Beartas Seirbhíse Geimhridh

- 1.1 Is é aidhm an phlean seirbhíse geimhridh seo a leagan amach conas a chuirfear seirbhís geimhridh Chontae na Gaillimhe ar fáil le haghaidh dálaí oighir agus sneachta. Tá Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) ag foilsiú Lámhleabhar Seirbhíse Geimhridh Náisiúnta freisin a bheidh i bhfeidhm i bhformáid dréachta do shéasúr an gheimhridh 2025/2026.
- 1.2 Ní gnáthsheirbhís éigeandála í an tseirbhís gheimhridh sa mhéid is go mbíonn teochtaí ísle, oighear agus sneachta ag tarlú go rialta, go minic agus intuartha go réasúnta. Ní phléann an plean seo le himeachtaí foircneacha geimhridh eile amhail tuilte agus gaotha láidre.
- 1.3 Baineann an plean seo go príomha le geimhreadh tipiciúil (**Gnáth-Aimsir Gheimhridh**) agus aird á tabhairt ar an gcaoi a láimhseálfar geimhreadh níos crua (**Dian-Aimsir Gheimhridh**). Más rud é go bhfuil déine nó fad na fuar-thréimhse eisceachtúil (**Aimsir Gheimhridh Fhaidréiseach**), is í Foireann Bainistíochta Shinsearaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe a dhéanfaidh bainistíocht ar an tseirbhís gheimhridh agus b'fhéidir go mbeadh gá le Plean Móréigeandála Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur i bhfeidhm.
- 1.4 Is é beartas na Comhairle seirbhís chothabhála geimhridh éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar leis na hacmhainní atá ar fáil chun;
- ligean d'fheithicilí agus do choisithe taisteal go sábháilte
 - moilleanna mar gheall ar aimsir an gheimhridh a laghdú
 - a chinntiú go ndéantar oibríochtaí go sábháilte.
- 1.5 Is é aidhm Chomhairle Chontae na Gaillimhe an líonra bóithre poiblí a chóireáil ag láithreacha straitéiseacha lena n-áirítear;
- | | |
|---------------------|---------------------|
| - Áiseanna ospidéal | - Stáisiún Dóiteáin |
| - Aerfort | - Stáisiún Traenach |
| - Iostaí Bus | - Mórthionscail. |
- 1.6 I bhfianaise scála na n-acmhainní atá i gceist chun an tseirbhís chothabhála geimhridh a sholáthar, ní féidir an tseirbhís a sholáthar do gach cuid den líonra. Chomh maith leis sin, b'fhéidir nach mbeidh sé indéanta a chinntiú go gcoinnítear dromchlaí saor ó oighear nó sneachta i gcónaí ar na codanna den líonra atá cóireáilte.
- 1.7 Déanann Comhairle Chontae na Gaillimhe cothabháil gheimhridh ar bhóithre náisiúnta thar ceann BIÉ agus is é BIÉ a mhaoiníonn í. Maoinítear cothabháil gheimhridh ar bhóithre áitiúla agus réigiúnacha go díreach ag an BIÉ agus ag an gComhairle agus ón deontas cothabhála lánroghnach. Beidh an Rannóg Innealra freagrach as tuairisceáin chuig an BIÉ trína gcóras NMS chun rochtain a fháil ar an maoiniú.
- 1.8 Téann séasúr cothabhála an gheimhridh ón Luan, 13 Deireadh Fómhair, 2025, go Déardaoin, 30 Aibreán, 2026. Tá seisear innealtóirí dualgais ann a roinneann an mhonatóireacht agus an glaoch amach le haghaidh leathadh grin ar bhóithre sa gheimhreadh ar uainchlár coicísiúil.
- 1.9 Is é aidhm Chomhairle Chontae na Gaillimhe cóireálacha maidine a chríochnú faoi 8.00am.

- 1.10 Ní bheidh aon tseirbhís gheimhridh ann ó 10.00pm an 24 Nollaig 2025 (Oíche Nollag) go dtí 4.00pm an 26 Nollaig 2025 (Lá Fhéile Stiofáin).

2 Bealaí Cóireála

- 2.1 Léirítear na bealaí cóireála Tosaíocht 1 & 2 reatha ar an léarscáil GR 1 in Aguisín B agus sonraí an bhealaigh i dTábla 2.1. Is iad seo na bealaí a ndéantar cóireáil orthu de ghnáth agus a fhaigheann cóireáil réamhchúramach. Tá bealaí cóireála faoi réir barrfheabhsaithe leanúnaigh.

Bealach Tosaíochta Cóireála an Gheimhridh Tábla 2.1						
Bealach	Iosta	Cur síos ar an mbealach	NP	NS	R&L	Iomlán
			km	km	km	Km
1 & 2	Bóthar an Ghainimh	N59 Teorainn na Cathrach (Séipéal Pháirc na Sceach) go dtí an Clochán go dtí an Líonán go dtí teorainn Chontae Mhaigh Eo		110		110
3	Bóthar an Ghainimh	R336 Teorainn na Cathrach Bhearna go dtí Leitir Mealláin (70km)			70	70
4	Tuaim	N63 ó M17 Teorainn an Chontae (42km), R332 Tuaim go dtí Crois Léim an Eich (15km), R354 ón N83 go dtí an M7 (9km) agus R365 ag an gCreagán (4km)		42	28	70
5	Tuaim	N17 Tuaim go dtí Baile an Daighin (Teorainn an Chontae) (18km), N83 Tuaim go dtí Cluain Fada (Teorainn an Chontae) (20km), R360 Dún Mór go dtí Béal Átha Mó (23km)	18	20	23	61
6	Baile Locha Riach	N65 Cill Tulach go dtí Port Omna (40km), R355 Port Omna go dtí Béal Átha na Sluaighe (31km) agus R446 Cill Mhian go dtí Béal Átha na Sluaighe (24km)		40	55	95
7	Baile Locha Riach	R339 Mionlach go dtí teorainn na cathrach (36km), Órán Mór, R446 Órán Mór go dtí Baile Locha Riach (26km)			62	62
8	Bóthar an Ghainimh	R381 Baile Chláir go dtí an M6 (5.4km). N67-: M6 go dtí Cill Cholgáin (11.4km) go dtí Cinn Mhara (10km) go dtí Teorainn an Chontae (5km). R458 Cill Cholgáin go dtí Ard Raithin (7.3km)		26	13	39
9	An Gort	R458 an Gort go dtí teorainn Chontae an Chláir (11km), R458 an Gort go dtí Ard Raithin (12km) R380 an Gort go dtí Baile Locha Riach (28km) R347 Ard Raithin (4km)			55	55
10	Tuaim	N83 Tuaim go dtí Gaillimh (teorainn na cathrach) (30km), N84 Cathair na Gaillimhe (teorainn na cathrach) go dtí teorainn Chontae Mhaigh Eo (27km), R334 Áth Cinn go dtí teorainn Chontae Mhaigh Eo (4km)		57	4	61

		lomlán	18	295	310	623

- 2.2 Is éard is cóireáil réamhchúramach ann ná salann a scaipeadh tar éis rabhaidh faoi theocht íseal a bhfuiltear ag súil leis chun an dóchúlacht go gcruthófaí oighear ar an mbóthar a laghdú.
- 2.3 Is éard atá i mbealaí **Tosaíocht 1** Mótarbhealach, débhealach, príomhbhealaí náisiúnta agus bealaí tánaisteacha agus áirítear leo roinnt codanna de líonra bealaí réigiúnacha straitéiseacha. De ghnáth, déantar na bealaí seo a chóireáil agus tugtar cóireáil réamhchúramach dóibh. Déanfar gach iarracht a chinntiú go ndéanfar na bealaí seo a chóireáil faoi 8.00 am ar maidin.
- 2.4 Is iad bealaí **Tosaíocht 2** na bóithre réigiúnacha atá tábhachtach go straitéiseach nach bhfuil san áireamh i mbealaí Tosaíocht 1 agus bealaí áitiúla. De ghnáth, déantar na bealaí seo a chóireáil agus tugtar cóireáil réamhchúramach dóibh. Déanfar gach iarracht a chinntiú go ndéanfar na bealaí seo a chóireáil faoi 8.00 am ar maidin.
- 2.5 Is bóithre áitiúla eile iad bealaí **Tosaíocht 3**. Ní dhéantar cóireáil réamhchúramach ar na bealaí sin ach breithneoidh an tInnealtóir Dualgais iad lena gcóireáil a luaithe a bheidh aghaidh tugtha ar bhealaí tosaíochta 1 agus 2 agus de réir mar a cheadaíonn acmhainní ag an am sin.
- 2.6 Is bóithre agus cosáin áitiúla eile iad bealaí **Tosaíocht 4** agus ní bhreithneofar iad le haghaidh cóireála ach amháin i ndrochaimsir nó i ndrochaimsir fhaidréiseach an gheimhridh agus nuair a bhíonn acmhainní ar fáil sna cásanna sin.
- 2.7 De ghnáth ní bhíonn deacrachtaí ag baint le bealaí Tosaíocht 3 agus 4 don phobal ach amháin i ndrochaimsir fhaidréiseach an gheimhridh.
- 2.8 De ghnáth, déanann Comhairle Chontae na Gaillimhe cóireáil ar 623 km de bhóithre arb ionann é agus 100% den phríomhlíonra náisiúnta, 100% den líonra náisiúnta tánaisteach agus 20% de bhóithre réigiúnacha.
- 2.9 I ndéine aimsire crua agus fada an gheimhridh, cuirfear stoic de ghrean ar fáil lena n-úsáid ag an bpobal má tá na hacmhainní ar fáil.
- 2.10 Taispeánann Tábla 2.2 achoimre maidir le cathain a chuirfear cóireálacha i bhfeidhm i gcás na ndálaí aimsire éagsúla.

Tábla 2.2 Achoimre Cóireála					
Coinníoll Aimsire	Cineál Cóireála	Tosaíocht an Bhealaigh			
		1	2	3	4
Gnáthaimsir	Réamhchúramach	✓	✓ _(a)	x	x
	Cóireáil Leac Oighir	✓	✓ _(a)	✓ _{(a)(b)}	x
	Sneachta a Ghlanadh	✓	✓ _(a)	✓ _{(a)(b)}	x
Drochaimsir	Réamhchúramach	✓	✓ _(a)	x	x
	Cóireáil Leac Oighir	✓	✓ _(a)	✓ _{(a)(b)}	✓ _{(a)(c)}
	Sneachta a Ghlanadh	✓	✓ _(a)	✓ _{(a)(b)}	✓ _{(a)(c)}
Aimsir Fhaidréiseach	Réamhchúramach	✓	✓ _(a)	x	x
	Cóireáil Leac Oighir	✓	✓ _(a)	✓ _{(a)(b)}	✓ _{(a)(c)}
	Sneachta a Ghlanadh	✓	✓ _(a)	✓ _{(a)(b)}	✓ _{(a)(c)}
^(a) Nuair a cheadaítear é leis na hacmhainní atá ann					
^(b) Cóireáil le salann - tuilleadh acmhainní ag teastáil.					
^(c) Cóireáil le grean - tuilleadh acmhainní ag teastáil.					

3 Réamhaisnéis na hAimsire agus an Próiseas Cinntí

- 3.1 Fuair an BIÉ seirbhísí aimsire ó bhiúró chun cabhrú le Comhairle Chontae na Gaillimhe a thuair cathain a d'fhéadfadh sioc, oighear nó sneachta tarlú ar an ngréasán bóithre. Tá na seirbhísí seo á gcur ar fáil faoi láthair ag Met Éireann agus Vaisala/WX Horizon.
- 3.2 Tá an fhaisnéis réamhaisnéise aimsire chomh maith le tomhais an stáisiúin aimsire ar fáil don Innealtóir Dualgais ar Ghlaio-dhualgas trí Ardáin Vaisala/WX Horizon.
- 3.3 Tá seacht stáisiún aimsire sonracha ann a dhéanann monatóireacht ar dhálaí bóthair agus aimsire i gContae na Gaillimhe, suite ag an N59 i gConamara, an M6 i nGleann an Scáil, an R446 i mBaile Locha Riach, an N17 i dTuaim, an M17 i mBaile Átha an Rí, an N84 i gCluain Bú agus an M6 i mBéal Átha na Sluaighe.
- 3.4 Déanfaidh an tInnealtóir Dualgais athbhreithniú ar an bhfaisnéis réamhaisnéise gach lá (de ghnáth bíonn sé ar fáil ag 2.30pm). Bunaithe ar na réamhaisnéisí agus i gcomhréir le tábla 3.1 agus 3.2, déanfaidh an tInnealtóir Dualgais na cinntí cóireála don 24 uair an chloig ina dhiaidh sin agus déanfaidh sé taifead orthu.
- 3.5 Leanfaidh an tInnealtóir Dualgais de bheith ag déanamh monatóireachta ar an aimsir de réir mar is gá, go háirithe nuair a bhíonn an réamhaisnéis imeallach. D'fhéadfadh sé seo an

cinneadh pleanáilte a athrú ag brath ar threochtaí aimsire.

- 3.6 Is freagairt phleanáilte í oibríocht na seirbhíse geimhridh agus ní féidir athruithe déanacha a chur i bhfeidhm toisc nach bhfuil aon socrú ar glao-dhualgas ann le criúnna seirbhíse geimhridh. Is annamh a bhíonn imeachtaí a éilíonn athruithe déanacha.
- 3.7 De ghnáth, tosóidh cóireálacha réamhchúramach tráthnóna ag 7.00pm. Mar sin féin, d'fhéadfadh an t-am seo athrú ag brath ar an aimsir.

- 3.8 Chun tuilleadh eolais faoin aimsir a fháil chun cabhrú leis an bpróiseas cinnteoireachta, is féidir leis an Innealtóir Dualgais rochtain a fháil ar fhaisnéis aimsire agus radair ar www.met.ie agus is féidir leis teagmháil a dhéanamh le Réamhaisnéiseoir Dualgais Met Éireann más gá ar 01 8065550, uimhir chúltaca 01 8064255.
- 3.9 Chun cur chuige comhordaithe a chinntiú go háirithe ar oícheanta imeallacha, féadfaidh an t-innealtóir dualgais cinntí a phlé le hinnealtóirí dualgais na gcontaetha in aice láimhe, an Clár, Maigh Eo, Ros Comáin agus Shligigh.
- 3.10 Déanfaidh an rannóg innealra an obair chothabhála ar an líne tosaigh ar na stáisiúin aimsire.
- 3.11 Tá tacaíocht theicniúil Vaisala ar fáil ag 0044 121 6831269 nó trí ríomhphost ag ice.technical.support@vaisala.com

Treoir Maitríse Cinntí Tábla 3.1

Teocht Dhrómchla an Bhóthair	Frasaíocht	Coinníollacha Bóthair Réamh-mheasta			
		Fliuch	Fliuch in Áiteanna	Tirim	
D'fhéadfadh an teocht dul faoi bhun 1°C	Gan báisteach Gan sioc liath Gan ceo	Salann a chur sula dtagann an sioc	Salann a chur sula dtagann an sioc (féach nóta a)	Ní dócha go ndéanfar aon rud, déan monatóireacht ar an aimsir (féach nóta a)	
Meastar go dtitfidh an teocht faoi bhun 1°C	Gan báisteach Gan sioc liath Gan ceo		Salann a chur sula dtagann an sioc	Salann a chur sula dtagann an sioc (féach nóta b)	
	Sioc liath tuartha Ceo tuartha				
	Báisteach tuartha sula dtagann an sioc	Salann a chur nuair a stadann an bháisteach			
	Báisteach tuartha leis an sioc	Salann a chur sula dtagann an sioc, de réir mar is gá le linn báistí agus nuair a stadann an bháisteach (féach nóta c)			
	Báisteach féideartha Sioc liath féideartha Ceo féideartha	Salann a chur sula dtagann an sioc	Monatóireacht a dhéanamh ar na coinníollacha aimsire		
Sneachta tuartha		Salann a chur sula dtosaíonn an sneachta ag titim			
Ba cheart an cinneadh maidir le cóireálacha réamhchúramach a dhéanamh a choigeartú, más iomchuí, chun salann atá fágtha nó taise dromchla a chur san áireamh.					
Ba chóir gach cinneadh a bheith bunaithe ar fhianaise, taifeadta agus monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh orthu.					

Tábla 3.1

Nótaí:

- Ba chóir aird ar leith a thabhairt ar an bhféidearthacht go rithfeadh uisce trasna bóithre agus dromchlaí reatha eile e.g. amach ó pháirceanna cóngaracha tar éis báisteach throm, agus dá bhrí sin go nífí sé an salann a taisceadh roimhe seo. Ba chóir monatóireacht ghéar a dhéanamh ar na suíomhanna sin agus d'fhéadfadh go mbeadh gá le cóireáil tráthnóna agus ar maidin agus ar ócáidí eile b'fhéidir.
- Nuair a bhíonn tagairt i rabhadh aimsire do sioc liath tuartha, is dócha go mbeidh taiscí suntasacha sioc ann. De ghnáth, bíonn sioc liath go moch ar maidin agus bíonn sé deacair

déileáil leis mar gheall ar an dóchúlacht go scaipfear aon salann a thaisceadh ar bhóthar tirim ró-luath sula dtosaíonn sé, sula mbeidh sé éifeachtach. Tá gá le monatóireacht ghéar faoin riocht réamhaisnéise seo agus ba cheart déileáil leis sin go hidéalach díreach agus an sioc liath ag foirmiú. De ghnáth ní bhíonn gníomh den sórt sin indéanta agus b'fhéidir go mbeadh gá le salann a thaisceadh ar bhóthar tirim roimh an am a bhfuiltear ag súil leis an riocht agus chomh gar agus is féidir dó. D'fhéadfaí sioc liath a thuar ag amanna eile agus sa chás sin ba cheart am na n-oibríochtaí salainn a choigeartú dá réir.

- (c) Faoi na himthosca seo reofaidh an bháisteach ar theagmháil le dromchlaí reatha agus ba chóir réamhchóireáil iomlán a chur ar fáil, fiú ar bhóithre tirime. Is riocht an-tromchúiseach é sin agus ba chóir monatóireacht ghéar a dhéanamh air go leanúnach i rith na tréimhse contúirte.
- (d) Is minic a bhíonn airde ag brath ar rabhaidh aimsire agus sa chás sin, d'fhéadfadh go mbeadh gá le gníomh difriúil ó gach iosta.
- (e) Má tá aon rian taise ann, ba cheart dearcadh diúltach a ghlacadh ar an réamhaisnéis agus cóireáil á breithniú ar dhromchlaí a bhfuil uigeacht dhiúltach orthu.

Treoir Maitrís Cóireála do Shalann Tirim Neamhmhodhnaithe Tábla 3.2

Coinníollacha Aimsire Teocht Dhromhchla an Bhóthair Teocht Dhromhchla an Bhóthair (TDB)	Cóireáil Teocht an Aeir	Salann a chur (g/m²)	Céachta Sneachta
Sioc nó sioc tuartha TDB ag nó thar -2°C		10	Ní dhéantar
Sioc nó sioc tuartha TDB faoi -2°C agus thar -5°C		20	Ní dhéantar
Sioc nó sioc tuartha TDB faoi -5°C agus thar -10°C agus coinníollacha tirime nó taise ar na bóithre		20	Ní dhéantar
Sioc nó sioc tuartha TDB faoi -5°C agus thar -10°C agus coinníollacha fliucha ar na bóithre (reatha nó ag súil leo)		2 X 20	Ní dhéantar
Sneachta éadrom tuartha (<10mm)		20	Ní dhéantar
Sneachta meánach/trom nó báisteach reoite tuartha		2 X 20	Ní dhéantar
Leac oighear cruthaithe	Thar -5°C	20	Ní dhéantar
Leac oighear cruthaithe	Ag nó faoi -5°C	2 X 20	Ní dhéantar
Clúdach sneachta níos mó ná 30mm		20 go 40 (i ndiaidh a chéile)	Déantar
Carnadh sneachta mar gheall ar thitim fhada		20 go 40 (i ndiaidh a chéile)	Déantar
Leac oighir/sneachta cruadhlúithe	Thar -8°C	20 go 40 (i ndiaidh a chéile)	Ní dhéantar

Leac oighir/sneachta cruadhlúithe	Ag nó faoi -8°C	Salann/scrábach (i ndiaidh a chéile)	Ní dhéantar
-----------------------------------	-----------------	--------------------------------------	-------------

Tábla 3.2 Nótaí:

- (a) Féadfar an ráta scaipthe le haghaidh cóireálacha réamhchúraim a choigeartú chun aird a thabhairt ar éagsúlachtaí a tharlaíonn feadh an bhealaigh amhail salann iarmharach, éagsúlachtaí teochta, taise dromchla (san aer nó ar dhromchla an bhóthair), ailíniú bóthair agus dlús tráchta.
- (b) Ba chóir gach cinneadh a bheith bunaithe ar fhianaise, taifeadta agus monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh orthu.
- (c) Tagraíonn oighear do gach oighear ar dhromchla an bhóthair, lena n-áirítear oighear dubh.

4 Socruithe Eagraíochtúla agus Pearsanra

- 4.1 Nuair a bheidh cinneadh déanta ag an Innealtóir Dualgais, cuirfidh sé na tiománaithe ar an eolas faoin gClár Cothabhála Geimhridh.
- 4.2 Beidh gach ball foirne ar an gclár seo ar chlár oibre lena chinntiú go dtabharfar sosanna cuí dóibh uile chun tuirse a sheachaint.
- 4.3 Taispeánann Tábla 4.1 pearsanra na comhairle atá páirteach in oibríocht na seirbhíse geimhridh.

Tábla 4.1 Foireann Seirbhíse Geimhridh Chomhairle Chontae na Gaillimhe				
	Innealtóirí Dalgais		Innealtóir Innealra	Clós Innealra
	Kevin Finn John Coyle Gerard Haugh	TJ Redmond Derek Troy Sean Whelan	Fergal Fahey	Noel Divilly
	Bealach		Gnáththiománaí	
1	N59 Teorainn na Cathrach go dtí an Teach Dóite		Sean Walsh	
2	N59 an Teach Dóite go dtí Teorainn na Cathrach an Liónán		Declan Thornton	
3	R336 Bóthar an Chósta go dtí Cill Chiaráin		John Joyce	
4	N63 Loch Sheoirse go dtí Teorainn Ros Comáin lena n-áirítear codanna den R354, R332 agus R365		Declan Kililea	
5	N17 Teorainn Chontae Mhaigh Eo, N83 Tuaim go dtí Cluain Fada agus R360 Dún Mór go dtí Teorainn an Chontae		Gerry Collins	
6	N65, R446 Baile Locha Riach - Béal Átha na Sluaighe - R355 Port Omna		Brendan Lally	
7	R339 Bóthar Mhuine Mheá. R446 Órán Mór go Creachmhaoil		Tomas Higgins	
8	R381, N67 agus R458 Baile Chláir go dtí Ard Raithin agus Cinn Mhara		Gerry Hosty	
9	R380 Baile Locha Riach go dtí an Gort, R458 Ard Raithin go dtí an Clár, agus R347 ag Ard Raithin		John Hoban	
10	N83 Tuaim-Gaillimh, N84 Bóthar Áth Cinn agus R334 Áth Cinn go dtí Teorainn an Chontae		Mike Hussey	
11	P3 Réigiúnach Dún Mór Maigh Locha, R362 Gleann na Madadh R363		Ciaran Mc Hugh	
12	R332 Cill Chonla, R347 Tuaim-Baile Átha an Rí, Cor an Dola		Damian O Shea	
13	P3 - Béal Átha na Sluaighe Theas, Port Omna		Conraitheoir	
14	R353 Daraidh Braoin, R351 Baile Locha Riach-an Ghráig R461		Conraitheoir	
15	P3 - Béal Átha na Sluaighe Thuaidh, Baile Locha Riach, Baile Átha an Rí		Conraitheoir	
	Tiománaithe Ionaí / Cúltaca		Joe Kenny	
			Trevor Huban	
			Derek Power	
			Gerry Higgins	

	Glaoch Amach i gCás Éigeandála	Noel Divilly	
--	---------------------------------------	--------------	--

Gléasra agus Trealamh

- 4.4 Feidhmíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe 6 leatóir salainn 6m^3 agus 8 leatóir 9m^3 agus úsáideann sí conraitheoirí príobháideacha chun an tseirbhís seo a mhéadú. Tá 12 chéachta sneachta ann.
- 4.5 Is den chineál in-díshuite atá suite ar leoraithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe na leatóirí go léir.
- 4.6 Faightear trealamh luchtaithe an iosta ar cíós don séasúr cothabhála geimhridh agus íoctar as ar bhonn úsáide amháin.
- 4.7 Tá seirbhísiú iomlán déanta ar an ngléasra ar fad, lena n-áirítear gléasra ar cíós, roimh thús an tséasúir. Glanfar an gléasra agus déanfar seiceáil ar na gnéithe sábháilteachta go léir ag deireadh gach rith cóireála mar ullmhúchán don chéad rith eile. Déanfar seiceáil rialta ar an gcóras GPS.
- 4.8 Cuirfidh duine inniúil oiliúint athnuachana sábháilteachta aon lae ar fáil maidir le hoibriú cothabhála an gheimhridh do gach tiománaí leoraí de chuid na Comhairle atá bainteach le greanadh bóithre.

5 Ábhar Dí-oighrithe

- 5.1 Is iad cloch shalainn agus salann mara na hábhair dí-oighrithe is coitianta a úsáidtear agus is iad is oiriúnaí do threalamh Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
- 5.2 Tá roinnt ábhar dí-oighrithe malartacha eile ar fáil. Mar sin féin, níor cheart iad seo a bhreithniú ach amháin i gcúinsí teoranta agus éigeandála.
- 5.3 Níor cheart greanchloch (meascán salainn agus gainimh) a úsáid sna leátóirí salainn go ginearálta, mar gheall ar an caitheamh iomarcach ar threalamh, ach amháin i gcás sneachta agus oighir chrua-dhlúithe nach féidir a bhaint trí threabhadh.
- 5.4 Stóráiltear salann i sciobóil salainn faoi dhíon atá suite i dTuaim, i mBaile Locha Riach agus sa Ghort agus i stóras oscailte ag Bóthar an Ghainimh. Tá sé beartaithe cead a lorg chun scioból breise a thógáil i gConamara in 2026.
- 5.5 Déanfar gach salann nach stórálfar i sciobóil a mhúnlú i gcruth dronuilleog fada agus clúdófar é le bileog chosanta ar bhealach a sheachnóidh taise ó dhul isteach san ábhar a mhéid is féidir.
- 5.6 Tá stóras faoi dhíon de thart ar 3,600t ag Comhairle Chontae na Gaillimhe leis na trí scioból atá críochnaithe agus mar sin, cuirfear ar ár gcumas salann a cheannach agus a stóráil i rith na bliana agus stoic leordhóthanacha do ghnáthbhliain á gcoinneáil i stoc roimh an ngeimhreadh.
- 5.7 Tá tús curtha le soláthar salainn agus tá próiseas tairisceana reatha an BIÉ críochnaithe.
- 5.8 Beidh an leibhéal stoic íosta do gach stór salainn ag 50% den acmhainn i.e. 600 tonna arb ionann é agus 50% ar a laghad den riachtanas iomlán geimhridh.
- Is é 120 tonna in aghaidh an turais an meánúsáid salainn ar na bealaí Tosaíocht 1. Tá 50% de mhaoiniú á fháil faoi láthair ó Chothabháil Geimhridh na mBealaí Náisiúnta agus 50% ó Chothabháil Bóithre Réigiúnacha. Maoineofar Greanadh Geimhridh ar Bhealaí Tosaíocht 2 trí mheascán de Chothabháil Geimhridh Bóithre Réigiúnacha agus Cothabháil Geimhridh Bóithre Áitiúla.
- 5.9 Déanann an tInnealtóir Innealra monatóireacht ar stoc salainn an stórais, úsáid na seachtainí agus seachadtaí a bhfuiltear ag súil leis, agus ordaíonn sé stoic do na Bealaí Tosaíocht 1.
- 5.10 Tá Innealtóirí Ceantair freagrach as gach gné de ghreanadh an bhealaigh eile agus braitheann méid na cothabhála geimhridh seo ar an maoiniú atá ar fáil.
- 5.11 Seo a leanas an príomhsholáthraí salainn a leithdháiltear do Chomhairle Chontae na Gaillimhe faoin gCóras Nua Bainistíochta Salainn-
1. **Salann le haghaidh na Bóithre Náisiúnta** – Salt Sales North, guthán +44 28 93351151

2. **Salann le haghaidh na Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla** – Colas, M18 Acomhal 13,
Bóthar na Tulaí, Inis, guthán 065 6703434.

6 Ullmhúchán Réamhshéasúir

- 6.1 Is é an chéad oibríocht ullmhúchán do shéasúr an gheimhridh, lena n-áirítear an méid seo a leanas;
- Oiliúint athnuachana sábháilteachta do thiománaithe
 - Oiliúint athnuachana d'Innealtóirí Dualgais
 - Scaiptheoirí Salainn a Chalabhrú
 - Clós Innealra, Limistéar agus aon ghléasra ar cíós a sheirbhísiú agus an córas GPS a sheiceáil
 - Salann a Ordú
 - Iostaí a ullmhú lena n-áirítear soilsiú agus rochtain a sheiceáil
 - Oibriú stáisiún aimsire agus rochtain ar shuíomh gréasáin a sheiceáil
 - Céachtaí sneachta a sheiceáil agus ceangaltáin le truicail a thástáil
 - Stoc páirteanna breise leatóirí a sheiceáil.

7 Cumarsáid agus Poiblíocht

- 7.1 Déanfar an plean seirbhíse geimhridh seo a dháileadh mar seo a leanas;
- **Inmheánach**
Cathaoirleach agus Comhaltaí de Chomhairle Chontae na Gaillimhe Bainisteoir Contae agus Foireann Ardbhainistíochta
Coiste um Beartais Straitéiseacha – Bóithre agus Iompair
Pearsanra Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá liostaithe i dTábla 4.1 Príomhoifigeach Dóiteáin – Seirbhís Dóiteáin na Gaillimhe, Oifigeach Sábháilteachta Bóthair CampWest
 - **Seachtrach**
An Garda Síochána
BIÉ agus N6 Concession Ltd.
Seirbhís Otharchairr FSS Thiar
Stiúrthóir Seirbhísí, an Clár, Sligeach, Ros Comáin agus Comhairle Contae Mhaigh Eo Bus Éireann – Gaillimh
- 7.2 Beidh Léarscáil na Bealaí Tosaíocht 1 agus 2 ar shuíomh gréasáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar feadh shéasúr an gheimhridh, lena n-áirítear faisnéis achomair ón bplean seirbhíse. Beidh leideanna maidir le tiomáint shábháilte sa gheimhreadh ar an suíomh gréasáin freisin.
- 7.3 Le linn drochaimsire nó drochaimsire faidréisí, beidh faisnéis ar an suíomh gréasáin faoi dhálaí bóthair sa Chontae agus déanfar é a nuashonrú go minic.

Aguisín A –

ár an Innealtóra Dualgais

CI

A1 Clár Innealtóirí Seirbhíse Geimhridh don Tréimhse 13 Deireadh Fómhair 2025 go 30 Aibreán 2026

Ainm an Údaráis Áitiúil: Comhairle Chontae na Gaillimhe

Seacht ain dar tús an Luan	Inisealacha an Innealtóra Dualgais	Seacht ain dar tús an Luan	Inisealacha an Innealtóra Dualgais	Seacht ain dar tús an Luan	Inisealacha an Innealtóra Dualgais	Seacht ain dar tús an Luan	Inisealacha an Innealtóra Dualgais	Seacht ain dar tús an Luan	Inisealacha an Innealtóra Dualgais
13/10/2025	KF	24/11/2025	KF	05/01/2026	KF	16/02/2026	KF	30/03/2026	KF
20/10/2025	JC	01/12/2025	JC	12/01/2026	JC	23/02/2026	JC	06/04/2026	JC
27/10/2025	GH	08/12/2025	GH	19/01/2026	GH	02/03/2026	GH	13/04/2026	GH
03/11/2025	TJR	15/12/2025	TJR	26/01/2026	TJR	09/03/2026	TJR	20/04/2026	TJR
10/11/2025	DT	22/12/2025	DT	02/02/2026	DT	16/03/2026	DT	27/04/2026	DT
17/11/2025	SW	29/12/2025	SW	09/02/2026	SW	23/03/2026	SW		

Ainm agus Inisealacha an Innealtóra Dualgais	Uimh. Ghutháin na hOifige	Seoladh Ríomhphoist na hOifige	
Kevin Finn (KF)	091 – 509378	kfinn@galwaycoco.ie	
John Coyle (JC)	091 – 378803	jcoyle@galwaycoco.ie	
Gerard Haugh (GH)	091 – 509556	ghaugh@galwaycoco.ie	
TJ Redmond (TJR)	091 – 509110	tjredmond@galwaycoco.ie	
Derek Troy (DT)	091 – 378853	dtroy@galwaycoco.ie	
Sean Whelan (SW)	091 – 509506	swhelan@galwaycoco.ie	

Seol chuig: Oifig Lárnach Anailíse agus Réamhaisnéise, Met Éireann, Cnoc Ghlas Naíon, Baile Átha Cliath 9. Faoi bhráid: Oifigeach Sinsearach Bainistíochta ar Dualgas. Ríomhphost: forecasts@met.ie

Cóipeáil chuig: Owen Smith, Bonneagar Iompair Éireann, Ionad Gnó Gheata na Páirce, Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8. Ríomhphost: owen.smith@tii.ie

Gléasra, Feithiclí agus Trealamh A2

Tá 12 leatóir salainn in-díshuite agus 8 gcéachta sneachta á n-oibriú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun an tseirbhís gheimhridh a sholáthar. Tá conraitheoirí príobháideacha atá lonnaithe ar thaobh thoir agus thiar Chontae na Gaillimhe ar conradh chun tacaíocht sa bhreis a sholáthar nuair is gá.

Cur síos (Liostaigh gach píosa trealamh ar a líne féin agus a phláta clárúcháin, más infheidhme)	Suíomh an losta	Acmhainn	Dáta ar calabraíodh é	Dáta a ndearnadh seirbhís air	Dáta an chéad chalabhrúcháin eile	Dáta na chéad seirbhíse eile
Leatóir salainn in- díshuite 4	Bóthar an Ghainimh Gaillimh	3 6 mhéadar ciúbach 3 9 méadar ciúbach	R3 2025	R3 2025	R3 2026	R3 2026
Leatóir salainn in- díshuite 2	OCC Bhaile Locha Riach	1 6 mhéadar ciúbach 1 9 méadar ciúbach	R3 2025	R3 2025	R3 2026	R3 2026
Leatóir salainn in- díshuite 2	OCC Thuama	1 6 mhéadar ciúbach 1 9 méadar ciúbach	R3 2025	R3 2025	R3 2026	R3 2026
Leatóir salainn in- díshuite 2	An Gort	1 6 mhéadar ciúbach 1 9 méadar ciúbach	R3 2025	R3 2025	R3 2026	R3 2026
Leatóir salainn buan 2 (nua)	Bóthar an Ghainimh Gaillimh	2 10.5 méadar ciúbach	R3 2025	R3 2025	R3 2026	R3 2026
Céachtaí Sneachta agus Sluaistí Luchtaithe	Suíomh an losta		Feistithe chuig		Dáta a ndearnadh seirbhís air	Dáta na chéad seirbhíse eile
Liostaigh gach céachta sneachta agus sluasaid luchtaithe, agus aitheantóir uathúil	1 Teiliompróir ag iosta sciobóil salainn Thuama					
Liostaigh gach céachta sneachta agus sluasaid luchtaithe, agus aitheantóir uathúil	1 Teiliompróir ag iosta sciobóil salainn Bhaile Locha Riach					


Liostaigh gach céachta sneachta agus sluasaid luchtaithe, agus aitheantóir uathúil	1 Teiliompróir ag iosta sciobóil salainn an Ghoirt			
Liostaigh gach céachta sneachta agus sluasaid luchtaithe, agus aitheantóir uathúil	1 Teiliompróir ag Iosta an Chlóis Innealra. 8 gcéachta sneachta stóráilte i gclós na nInnealraí			

Cuir sonraí san áireamh maidir le cathain/an mbeidh na greanadóirí agus na sluaistí luchtaithe feistithe go buan, go háirithe le linn tréimhsí saoire.

A3 Sonraí na nIostaí

Tag. na Léarscáile	Iostaí Salainn	Bealaí a ndearna dh seirbhís orthu	Laistigh nó Lasmuigh	Uasacmhainn	Íosleibhéil stoic ag:		
					1 Deireadh Fómhair	13 Nollaig	1 Márta
Uimh Thagartha	Bóthar an Ghainimh Gaillimh	Uimh. 1,2,10, 16,	Lasmuigh	200t			
Uimh Thagartha	OCC Bhaile Locha Riach	Uimh. 6,7,8,11,13, 16,	Laistigh	1200			
Uimh Thagartha	OCC Thuama	Uimh. 1,2,3,5	Laistigh	1200			
Uimh Thagartha	An Gort	Uimh. 8,10,11, 14	Laistigh	1200			
Uimh Thagartha	Déanta ag Contaetha, Gníomhaireachtaí eile	Mótarbhealaí	Laistigh	N/B			
		IOMLÁIN		3,800	Cuir tonnáiste isteach	Cuir tonnáiste isteach	Cuir tonnáiste isteach

Aguisín B – Léarscáil Bealaí P1 & 2



Léarscáil GR 1 – Bealaí P1 & P2

Bealach Tosaíochta Cóireála an Gheimhridh Tábla 2.1						
Bealach	Iosta	Cur síos ar an mbealach	NP km	NS km	R&L km	Iomlán Km
1 & 2	Bóthar an Ghainimh	N59 Teorainn na Cathrach (Séipéal Pháirc na Sceach) go dtí an Clochán go dtí an Liónán go dtí teorainn Chontae Mhaigh Eo		110		110
3	Bóthar an Ghainimh	R336 Teorainn na Cathrach Bhearna go dtí Leitir Mealláin (70km)			70	70
4	Tuaim	N63 ó M17 Teorainn an Chontae (42km), R332 Tuaim go dtí Crois Léim an Eich (15km), R354 ón N83 go dtí an M7 (9km) agus R365 ag an gCreagán (4km)		42	28	70
5	Tuaim	N17 Tuaim go dtí Baile an Daighin (Teorainn an Chontae) (18km), N83 Tuaim go dtí Cluain Fada (Teorainn an Chontae) (20km), R360 Dún Mór go dtí Béal Átha Mó (23km)	18	20	23	61
6	Baile Locha Riach	N65 Cill Tulach go dtí Port Omna (40km), R355 Port Omna go dtí Béal Átha na Sluaighe (31km) agus R446 Cill Mhian go dtí Béal Átha na Sluaighe (24km)		40	55	95
7	Baile Locha Riach	R339 Mionlach go dtí teorainn na cathrach (36km), Órán Mór, R446 Órán Mór go dtí Baile Locha Riach (26km)			62	62
8	Bóthar an Ghainimh	R381 Baile Chláir go dtí an M6 (5.4km). N67-: M6 go dtí Cill Cholgáin (11.4km) go dtí Cinn Mhara (10km) go dtí Teorainn an Chontae (5km). R458 Cill Cholgáin go dtí Ard Raithin (7.3km)		26	13	39
9	An Gort	R458 an Gort go dtí teorainn Chontae an Chláir (11km), R458 an Gort go dtí Ard Raithin (12km) R380 an Gort go dtí Baile Locha Riach (28km) R347 Ard Raithin (4km)			55	55
10	Tuaim	N83 Tuaim go dtí Gaillimh (teorainn na cathrach) (30km), N84 Cathair na Gaillimhe (teorainn na cathrach) go dtí teorainn Chontae Mhaigh Eo (27km), R334 Áth Cinn go dtí teorainn Chontae Mhaigh Eo (4km)		57	4	61
		Iomlán	18	295	310	623